Muslim National School
Seek knowledge from the cradle to the grave

19 Roebuck Road
Clonskeagh
Dublin 14
Phone: 012961340
Email:mnsclonskeagh@gmail.com
Roll Number: 19949B
www.muslimns.ie

GAEILGE POLICY

Réamhráiteas

Cuireadh an plean seo le chéile le linn na bliana 2001/2002 agus freisin rinneadh ath bhFeithnír air I 2021/22. Athbhreithniú ar Phlean Gaeilge atá anseo.Tá an Ghaeilge tábhachtach mar ábhar scoile. Teanga bheocumarsáide í an Ghaeilge. Is cuid d'ár n-oidhreacht í. Cuireann foghlaim na Gaeilge ar chumas an pháiste teangmháil a dhéanamh leis an gcultúr Gaelach mar go bhfuil an teanga agus an cultúr fite fuaite le chéile. Nuair a cuireadh an plean le chéile bhí foireann na scoile ar fad páirteach sa phróiseas.

Réasúnaíocht

Tá gá leis an bplean seo

- chun cabhrú linn an Curaclam a chur i bhfeidhm agus a chur in oiriúint d'ár scoil
- chun go mbeidh treoir chinnte againn i múineadh agus in úsáid na Gaeilge
- ionas go mbeidh léanúnachas agus forbairt ó rang go rang
- chun an Cur Chuige Cumarsáideach a chur i bhfeidhm sa scoil
- chun comhthéacs a chruthú d'úsáid na Gaeilge sa scoil
- chun eolas a thabhairt do dhaoine nua ag obair sa scoil
- chun dea chleachtadh a chothú

Fís agus Aidhmeanna: An plean i gcomhthéacs na scoile

Fís

- Dearcadh agus dea-nósanna na múinteoirí i leith na Gaeilge – m. sh. Baintear úsáid as an nGaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae
- Na páistí a spreagadh chun labhairt trí Ghaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae
- Go mbeidh tuiscint níos mó ag na bpáistí ar an gcultúr
- Go mbainfidh na páistí agua na múinteoirí úsáid as timpeallacht na scoile chun imeachtaí a bhaineann leis an dteanga agus an cultúr a mholadh – m.sh. feidhmeanna teanga, ceol, peil, iománaíocht, rince, tráth na gceist

Aidhmeanna

- Is iad na príomh aidhmeanna atá againn don Ghaeilge sa scoil seo ná:

- go mbainfidh na paistí amach caighdeán árd labhartha, léitheóireachta agus scríbhneóireachta roimh deireadh a mbunoideachais
- cumas éisteachta agus labhartha na bpáistí a fhorbairt agus a muinín chun an Ghaeilge a úsáid a chothú.
- éisteacht, labhairt, léitheóireacht agus scríbneóireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite
- feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú
- go mbeidh meas ag na paistí ar an nGaeilge agus dearcadh dearfach acu ina leith
- go mbeidh dearcadh dearfach ag na páistí i leith na Gaeilge agus go mbeidh fonn orthu an ghaeilge a úsaid agus a chur c go gcuirfimid leis na háiseanna sa scoil go rialta chun freastal ar riachtanaisí teanga na bpáistí.
- go dtabharfaidh an fhoireann teagaisc tacaíocht dá chéile chun a gcuid Gaeilge féin a chur chun cinn agus taitneamh a bhaint as an bproiséas
- Cur le líofacht, le cruinneas agus le saibhreas teanga na bpáistí.

Is iad seo a leanas na gnéithe d'fhoghlaim teanga a bhaineann le gach ceann de na snáitheanna:

- Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga
- Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint
- Teanga a fhiosrú agus a úsáid.

Gné 1: Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga (Cumarsáid)

Sa ghné seo dírítear ar eolas agus tuiscint na bpáistí a fhorbairt faoin gcaoi a gcruthaímid agus a roinnimid brí le chéile i gcaidrimh chumarsáideacha, mar éisteoirí agus mar chainteoirí, agus mar dhaoine a thugann agus a ghlacann faisnéis. Go sonrach, baineann sé le forbairt a dhéanamh ar na scileanna a thacaíonn leis an bpróiseas sin agus, ar an gcaoi sin, tógann an ghné ar an téarma Cumarsáid in *Aistear.* Sa chaoi is go mbeidh páistí in ann brí a thógáil agus a roinnt i gcaidrimh chumarsáideacha, ní mór dóibh a bheith rannpháirteach mar éisteoirí agus mar chainteoirí. Is scileanna cómhalartacha iad éisteacht agus freagairt agus forbraítear iad in éineacht.Tugtar tacaíocht d'aird agus do thuiscint cainte na bpáistí, agus forbraítear iad, trí ábharthacht a bhfreagraí agus an méid a bhíonn le rá acu faoin topaic atá á plé. I suíomh comhráiteach, tugann an múinteoir tacaíocht agus/nó déanann sé/sí athrú ar na leibhéil tuisceana. Glacann sé/sí a seal ag cur leis an topaic atá á plé agus ag tabhairt dúshlán breise don pháiste / do na páistí le haghaidh thuiscint na cainte agus cur in iúl de réir mar atá an páiste ag cur a thuilleadh leis an gcomhrá. Nuair a dhéanann an múinteoir é seo, aithníonn sé/sí gur fearr a fhoghlaimíonn roinnt páistí le comharthaí, le hamharcíomhánna, nó trí chéadfaí eile ar nós an tadhaill. Braitheann an malartú brí cómhalartach ar an mbealach a ndéileáiltear le héisteacht agus labhairt mar scileanna cómhalartacha atá le forbairt mar chuid den churaclam. Beidh tuiscint dhea-fhorbartha ag formhór na bpáistí a thagann go dtí an seomra ranga ar an gcaidreamh cumarsáideach agus beifear ag tógáil ar an taithí atá acu cheana féin sa ghné seo. Ní bheidh na caidrimh seo chomh forbartha céanna i gcás páistí áirithe, agus i gcás mionlaigh beifear ag díriú ar chaidreamh cumarsáideach a chur in aithne dóibh. Cé go bhfuil gaol idir na trí ghné, baineann na coincheapa, meonta agus scileanna a chuirtear in iúl sna Torthaí Foghlama don ghné seo le dul chun cinn na bpáistí sa dá ghné eile. Is éard a chuirtear chun cinn sna Torthaí Foghlama seo ná taitneamh, spreagadh, rogha, agus braistint chuspóra agus rannpháirtíochta ó thaobh úsáid a bhaint as teanga chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile.

Gné 2: Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint (Tuiscint)

Dírítear sa ghné seo ar fhorbairt a dhéanamh ar chumas páistí téacsanna a chruthú agus idirgníomhú go maith leo, agus iad ag úsáid eolas agus tuiscint ar ábhar agus struchtúr na teanga atá ag éirí níos sofaisticiúla de réir a chéile. Dírítear sna Torthaí Foghlama seo ar struchtúr abairte agus ar ghramadach, ar fhoclóir ó bhéal agus ar fhoclóir léitheoireachta, ar ghnásanna cló, ar fheasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach, ar aithint focal, ar litriú agus ar thuiscint.Taobh istigh den churaclam, tuigfidh agus úsáidfidh páistí foclóir agus struchtúir abairte ag leibhéil a bheidh ag éirí níos casta de réir a chéile.Tá tuiscint na cainte ríthábhachtach d'fhorbairt foclóra agus struchtúr abairte an pháiste. I snáithe na teanga ó bhéal, forbraítear éisteacht agus labhairt, tuiscint agus cur in iúl mar scileanna cómhalartacha sa chaidreamh sóisialta a tharlaíonn idir an múinteoir agus an páiste, agus idir an páiste agus páiste nó páistí eile, agus iad i mbun comhrá. Cuirtear scileanna éisteachta agus labhartha an pháiste in iúl. Forbraítear iad a thuilleadh tríd an úsáid a bhaineann an páiste as focail agus frásaí sa chomhthéacs bunaidh ar dtús agus trína leathnú amach ina dhiaidh sin go comhthéacsanna nua a théann thar an gcomhthéacs bunaidh inar chuala sé/sí iad á n-úsáid.

Gné 3:Teanga a fhiosrú agus a úsáid (Fiosrú agus úsáid)

Tugtar tús áite sa ghné seo do chumas páistí a fhorbairt chun teanga a fhiosrú agus a úsáid le haghaidh réimse leathan cuspóirí, i seánraí éagsúla, agus le cineálacha éagsúla lucht féachana, cuid acu a bhfuil aithne acu orthu agus cuid eile nach bhfuil. Ach teanga a fhiosrú agus a úsáid, cothaítear braistint ghutha agus forbraítear léirthuiscint do ghné aeistéitiúil na teanga. De réir mar a théann siad i ngleic le téacsanna éagsúla labhartha agus scríofa agus de réir mar a chruthaíonn siad iad, forbraítear feasacht ar ghuth an údair sna páistí. Agus iad ag fiosrú agus ag úsáid teanga sa churaclam, beidh ar pháistí éisteacht le hinsintí agus le cuntais fhíriciúla a bheidh ag éirí níos casta agus níos teibí de réir a chéile, agus iad a chur in iúl.Tá tuiscint na cainte ar théacsanna casta ó bhéal ríthábhachtach do thuiscint an pháiste ar an gcaoi a n-úsáidtear teanga mar chuid de churaclam, chun smaointe a chumadh agus rudaí a mhaíomh. I snáithe na teanga ó bhéal, forbraítear an éisteacht agus an labhairt mar scileanna cómhalartacha agus tugtar tacaíocht don tuiscint agus leathnaítear í trí chur in iúl.Tacaíonn tógáil seo na brí, ó bhéal agus go sóisialta, trí éisteacht agus labhairt, le léitheoireacht agus scríbhneoireacht, áit a gcaithfidh an páiste páirt a ghlacadh as/astí féin, tuiscint a bhaint amach agus freagra a thabhairt agus brí á tógáil le téacsanna scríofa.Ba chóir díriú ar thrí shaghas ceiste – ceisteanna fiosrachta, ceisteanna a bhaineann le gnáthaimh agus ceisteanna a úsáidtear ar mhaithe le cuspóirí sóisialta. Mar chuid de theanga a úsáid go cruthaitheach spraíúil, bítear ag súgradh le teanga gan chiall, rud a chuireann go mór le forbairt scileanna meititheangeolaíocha na bpáistí. Dírítear sna Torthaí Foghlama don ghné seo ar réimse

leathanfeidhmeanna agus seánraí teanga idir theanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht chomh maith le líofacht, tuiscint, lámhscríbhneoireacht, an próiseas scríbhneoireachta agus intinn an údair.

<table>
<tr><th colspan="3">Snáithe Éisteacht</th></tr>
<tr><th colspan="3">Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste</th></tr>
<tr><th>Snáithaonad</th><th>Naíonáin</th><th>Rang a haon & a dó</th></tr>
<tr><td rowspan="3">Ag Cothú Spéise</td><td colspan="2">Go Neamhfhoirmiúil</td></tr>
<tr><td>● éisteacht leis an nGaeilge á húsáid go teagmhasach mar theanga chaidrimh agus bhainisteoireachta (frasaí na seachtaine agus feidhmeanna teanga)</td><td>● éisteacht leis an nGaeilge á húsáid go teagmhasach mar theanga chaidrimh agus bhainisteoireachta (frasaí na seachtaine agus feidhmeanna teanga)</td></tr>
<tr><td colspan="2">Sa Teagasc</td></tr>
</table>

	• éisteacht le daoine eile chomh maith leis an múinteoir-*puipéid ag caint le chéile, dlúthcheirníní* • Rannta • Amhráin a chanadh • Dramaí Simplí	• éisteacht le Gaeilge, cé nach dtuigfeadh sé/sí gach focal *sceitsí nó drámaí simplí puipéad, cartúin téipeanna éisteachta agus dlúthcheirníní*, *scéal a insint scéalta taifeadta* • Orduithe simplí-Deir O' Grádaigh • Rannta • Dramaí simplí • Scéalta- Tomás na hOrdóige • Gníomhamhráin
Ag Tuiscint	• éisteacht leis an nGaeilge á labhairt go rialta gach lá chun frásaí faoi leith a	• éisteacht leis an nGaeilge á labhairt go rialta gach lá chun frásaí faoi leith a dhaingniú

Teanga	dhaingniú *ag dul amach ag am lóin* *'Seasaigí le chéile!'* *ag teacht isteach 'Suígí* *síos anois!' moladh* *'Maith thú! Maith an cailín/buachaill!'* • cabhair a fháil ó leideanna éagsúla *geáitsí, taispeáint leis na méara* • cluichí éisteachta a imirt agus gníomhaíochtaí simplí a dhéanamh • éisteacht agus leanúint treoracha *éisteacht agus dathú, éisteacht agus tarraingt* • éisteacht le treoracha ón múinteoir agus na mothúcháin a léiriú le mím- áthas, brón	*ag teacht isteach ar maidin ag dul* *amach ag am lóin 'Cé leis an bosca* *lóin?' moladh* *tionól na scoile* • cluichí éisteachta a imirt • éisteacht agus leanúint treoracha *éisteacht agus dathú* *'Cuir dath dubh ar an díon.'* • foghraíocht cheart a chloisteáil chun taithí a fháil ar na fuaimeanna ar leith atá sa Ghaeilge *rainn nó amhráin* • éisteacht le treoracha ón múinteoir agus na mothúcháin a léiriú le mím nó pictiúr *áthas, brón, fearg, eagla, sásamh,* *míshásamh.*

Snáithe Éisteacht		
Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste		
Snáithaonad	**Rang a trí & a ceathair**	**Rang a cúig & a sé**
Ag Cothú Spéise	**Go Neamhfhoirmiúil**	
	• éisteacht leis an nGaeilge á húsáid go teagmhasach(feidhmeanna teanga agus frasaí)	• éisteacht leis an nGaeilge á húsáid go teagmhasach(feidhmeanna teanga agus frasaí) • éisteacht leis an nGaeilge i gcomhthéacsanna cultúrtha *lá breithe, ócáidí speisialta, ceolchoirm*
	Sa Teagasc	
	• éisteacht le Gaeilge, cé nach dtuigfeadh sé/sí gach focal b'fhéidir *téipeanna agus dlúthcheirníní de scéalta, sceitsí, amhráin, dánta* *an múinteoir ag insint scéalta agus ag léamh sceitsí agus dánta* • éisteacht leis an nGaeilge i gcomhthéacsanna cultúrtha- amhráin agus seanfhocail	• éisteacht chun brí ghinearálta a bhaint as ábhar taitneamhach *an múinteoir ag insint scéalta agus ag léamh sceitsí agus dánta* *spóirt agus staire, nuacht agus aimsir, sceitsí, drámaí* *ceol na hÉireann, rockamhráin agus ceol tíre Gaeilge* • éisteacht leis an nGaeilge i gcomhthéacsanna cultúrtha *féilte na bliana*
Ag Tuiscint	• éisteacht leis an nGaeilge á labhairt go rialta gach lá chun nathanna cainte agus foirmlí teanga a dhaingniú	• éisteacht le *gnásanna na maidine, ag dul abhaile* *ag imirt cluichí*

Teanga	*glaoch an rolla, an dáta* *ainm an lae, ainm na míosa, an Aimsir* • cluichí spreagúla a éilíonn éisteacht agus tuiscint a imirt *éisteacht agus mím a dhéanamh* • páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éisteachta a éilíonn tuiscint bhunúsach *éisteacht agus taispeáint* *éisteacht agus freagairt* • éisteacht agus leanúint treoracha *cuir, dathaigh, tóg* • oiliúint a fháil i scil na héisteachta trí úsáid a bhaint as téipeanna • taitneamh a bhaint as rain, dánta agus amhrán(bualadh bos, ag damhsa) • éisteacht leis an múinteoir agus gníomhartha a dhéanamh	• éisteacht le i bhfíseáin agus an chaint a thuiscint le cabhair ó gheáitsí, ón nguth agus ón gcomhthéacs • cluichí spreagúla a éilíonn - *tráth na gceist* • éisteacht agus taispeáint éisteacht agus leanúint treoracha • oiliúint bhreise i scil na héisteachta a fháil trí úsáid a bhaint as dlúthdhioscaí • éisteacht leis an múinteoir agus gníomhaíochtaí a dhéanamh

Snáithe Labhairt		
Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste		
Snáithaonad	**Naíonáin**	**Rang a haon & a dó**
Ag Cothú Spéise	**Go Neamhfhoirmiúil**	
	• tabhairt faoi labhairt na Gaeilge *caidreamh sóisialta a dhéanamh(frasaí na seachtaine)* *'Dia is Muire duit!'* *('Cé leis an cóta seo?') 'Is liomsa é.' 'Slán agat, a mhúinteoir!'*	• an Ghaeilge a labhairt go teagmhasach neamhfhoirmiúil(frasaí na seachtaine
	Sa Teagasc	
	• rannta • amhráin a chanadh scéalta ó na leabhair móra • Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacsanna cultúrtha	• rainn a rá • gníomhamhráin thaitneamhacha a chanadh • páirt a ghlacadh i sceitsí gearra • Gaeilge a labhairt i gcomhthéacsanna cultúrtha *cluichí traidisiúnta d'fhéilte éagsúla na bliana*
	• úsáid a bhaint as geáitsí chun cabhrú le cumarsáid a dhéanamh	• úsáid a bhaint as leideanna éagsúla chun cabhrú le cumarsáid • sainfhoclóir na dtéamaí don leibhéal seo a úsáid

Ag Úsáid Teanga	• cluichí teanga a imirt *aithint* *'Cé mise?' aimsiú* *'Feicim le mo shúilín'* *meaitseáil* *'Snap!' liostú* *Chuaigh mé go dtí an siopa, cheannaigh mé milseáin, bainne ...* *cluiche 'Kim'* *Bhí an leabhar ar an mbord. Tá sé ar an mála anois. Bhí an glantóir ar an mbord. Tá sé sa bhosca anois.* *'Cén t-am é, a mhac tíre?'*	*pictiúir, póstaeir agus ábhar dílis cluichí* *foclóra* *abairtí a chumadh ó spreagthaigh* • focail cháilitheacha a úsáid *mór, beag, fada, gearr, go maith* • sceitsí beaga-*sa siopa bréagán, sa seomra ranga, sa chlós* • cluichí teanga a imirt • páirt a ghlacadh i gcluichí foghraíochta agus litrithe *bingo agus cluiche Kim*

Snáithe Labhairt		
Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste		
Snáithaonad	**Rang a trí & a ceathair**	**Rang a cúig & a sé**
Ag Cothú Spéise	**Go Neamhfhoirmiúil**	
	• an Ghaeilge a labhairt go teagmhasach neamhfhoirmiúil sa seomra ranga agus sa scoil (frasaí agus feidhmeanna teanga)	• an Ghaeilge a labhairt go teagmhasach sa seomra ranga agus sa scoil
	Sa Teagasc	
	• dánta a phlé • amhráin a chanadh • páirt a ghlacadh i sceitsí agus i ndrámaí • gnéithe den chultúr a phlé *Máirt na hInide—conas pancóga a dhéanamh* *Lá Fhéile Pádraig*	• dánta a aithris agus a phlé • amhráin a chanadh • páirt a ghlacadh i ndrámaí • an Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacsanna cultúrtha *féilte na bliana cluichí* *Gaelacha* *ceol agus damhsaí Gaelacha*
Ag Tuiscint Teanga	• úsáid a bhaint as leideanna éagsúla chun cabhrú le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh • nuacht shimplí • labhairt fúithi féin • scéalta a aithris agus ceisteanna fúthu a	• úsáid a bhaint as leideanna éagsúla chun cabhrú le cumarsáid éifeachtach • nuacht a thabhairt • labhairt fúithi féin • scéalta a athinsint ina focail féin, ceisteanna a chur agus a fhreagairt fúthu • foclóir níos leithne a úsáid

	fhreagairt, • foclóir níos leithne a úsáid *cluichí foclóra* • cluichí teanga a imirt • scéalta a chríochnú agus a chumadh • treoracha agus orduithe a thabhairt • ceisteanna a chur agus a fhreagairt • comparáid a dhéanamh idir rudaí *ard, níos airde, mór, níos mó* • úsáid a bhaint as *orm, liom, dom, agam* • páirt a ghlacadh i gcluichí foghraíochta agus litrithe *rabhlóga*	*cluichí foclóra* *grúpaí focal (gréithe, troscán, sceanra)* • cluichí teanga a imirt • scéalta a chríochnú agus a chumadh • rólghlacadh i suímh dhifriúla *bunaithe ar na téamaí* • cluichí a imirt chun taithí a fháil ar ghramadach na Gaeilge *Cé mise? nó Fiche ceist mo, do, a,* *ár, bhur, a* • úsáid a bhaint as na suímh agus na treonna i gcluichí páirce *ar an, idir, in aice, trasna isteach, istigh,* *amach, amuigh thuas, thíos, suas, síos,* *anuas* • caint faoi rudaí a tharla, a tharlaíonn agus a tharlóidh • ceisteanna a chur agus a fhreagairt • réimse níos leithne rudaí a ainmniú i gcomhthéacsanna éagsúla *uathu agus iolra* • comparáid a dhéanamh • úsáid a bhaint as *agam, orm, liom, fúm, díom, romham, chugam,* *uaim* • páirt a ghlacadh i gcluichí foghraíochta agus litrithe.

Snáithe Léitheoireacht					
Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste					
Snáithaonad	**Rang a dó**	**Rang a trí**	**Rang a Ceathair**	**Rang a cúig**	**Rang a sé**
Ag Cothú Spéise	• Éisteacht leis an múinteoir ag léamh, úsáid a bhaint as ceisteanna • *fógraí sa seomra ranga lipéid le haghaidh rudaí sa seomra ranga m.sh. clár bán, doras, fuinneog* • Leabhair mhóra a léamh	• Éisteacht leis an múinteoir ag léamh • brí a bhaint as an bhfocal scríofa sa timpeallacht, go háirithe sa seomra ranga • scéalta simplí • *pictiúrleabhair a léamh*	• Éisteacht leis an múinteoir ag léamh • brí a bhaint as an bhfocal scríofa sa timpeallacht, go háirithe sa seomra ranga- *lipéid, fógraí, scríbhneoireacht ar an gclár dubh* • *leabhair shimplí eolais* • pictiúrleabhair a léamh	• Éisteacht leis an múinteoir ag léamh • Focal scríofa sa timpeallacht a léamh • Ag léamh leabhair sa leabharlann, irisí, leabhair eolais	• éisteacht leis an múinteoir ag léamh • focal sa timpeallacht a léamh • ailt faoi leith as nuachtáin Ghaeilge • leabhair eolais, faoin timpeallacht a léamh
Ag Tuiscint Teanga	• leabhair á léamh os ard ag an múinteoir • clár cuimsitheach réamhléitheoirea	• paistí eile agus an múinteoir ag léamh • *Féachaigí ar leathanach a tríocha! barr, lár agus bun an leathanaigh*	• An múinteoir agus an rang go léir ag léamh • téarmaíocht a bhaineann leis an léitheoireacht a thuiscint-	• an téarmaíocht a bhaineann leis an léitheoireacht a thuiscint- *leathanach caoga a seacht! barr, lár, bun an*	• an téarmaíocht leis an léitheoireacht a thuiscint *féachaigí ar leathanach caoga a seacht! barr, lár, bun an*

	chta a leanúint *pictiúrleabhair* *cluichí* *meaitseála* *pictiúir a chur in ord luaschártaí* • téarmaíocht a bhaineann leis an léitheoireacht a chloisteáil agus a thuiscint *'Oscail do leabhar!'* *'Féach ar an bpictiúr!'* • focal a aithint trí leideanna a úsáid • ceisteanna a fhreagairt faoin bpictiúr • seimhiú mo+ h	• stór níos leithne de ghnáthfhocail inléite a chur le chéile óna t(h)aithí ar théacs sa timpeallacht agus ar leabhair • focail a aithint i dtéacs trí úsáid a bhaint as leideanna agus as pictiúir, • fuaimeanna na Gaeilge- gutaí fada, gear, seimhiú • fuaimeanna nach bhfuil sa Bhéarla • focal a bhriseadh i siollaí • a bhfuil á léamh aici a thuiscint	*leathanach* *barr, lár agus bun an leathanaigh* • liosta de ghnathfhocail a dhéanamh agus a léamh • focail a tuiscint trí úsáid a bhaint as leideanna • Gutaí fada/ gear, consain leathan agus caol, shéimhithe, fuaimeanna ua/ia a aithint • focal le níos mó na siolla amháin a úsáid • a bhfuil á léamh aici a thuiscint	*leathanaigh* • focal a aithint i dtéacs trí úsáid a bhaint as leideanna ón gcomhthéacs, ón gcomhréir, agus ó ghraiféimeanna • straitéisí éagsúla léitheoireachta a chleachtadh *grinnléitheoireacht* • fuaimeanna na Gaeilge *guta fada agus gearr* *consan leathan agus caol* • fuaimeanna nach bhfuil sa Bhéarla a thabhairt faoi deara • focail a bhriseadh ina siollaí • anailís a dhéanamh ar an téacs	*leathanaigh* *tús an chéad ailt/an dara ailt* • foclóir pearsanta a chur le chéile • focal a aithint i dtéacs trí úsáid a bhaint as leideanna ón gcomhthéacs, ón gcomhréir, agus ó ghraiféimeanna • fuaimeanna na Gaeilge *guta fada agus gearr* *consan leathan agus caol* *séimhiú ar thúschonsan* • fuaimeanna nach bhfuil sa Bhéarla a thabhairt faoi deara • focail a bhriseadh ina siollaí • an téacs a phlé

Ag Úsáid Teanga	• Ag léamh 'leabhair mhóra' leis an múinteoir • treoracha a léamh agus a leanúint • ag déanamh míme le cabhair ó phictiúr • ag léamh abairtí agus ag tarraingt pictiúir	• léamh i gcomhpháirt le daoine eile • treoracha a leanúint mím, dathú, tarraingt treoracha do chluichí boird a leanúint puzail • ag léamh fograí sa scoil • léamh i gcomhthéacsanna cultúrtha *scéalta gearra rainn, dánta dúchasacha*	• léamh i gcomhpháirt le daoine eile • léitheoireacht fheidhmiúil a dhéanamh • ábhar dílis a léamh ag leibhéal oiriúnach *sceideal TG4 fógraí sa scoil* • taithí a fháil ar chineálacha éagsúla téacs- *cartúin, páipéir ghrinn, scéalta simplí* • freagairt do phearsana i scéal • léamh i gcomhthéacsanna cultúrtha *scéalta gearra béaloidis, rainn, dánta dúchasacha*	• léamh i gcomhpháirt le daoine eile • puzail, crosfhocail • míreanna as leabhair eolais • *amchlár an ranga* • léamh i gcomhthéacsanna cultúrtha- *clár an chluiche ceannais camógaíochta nó peile a léamh*	• léamh i gcomhpháirt le daoine eile • *puzail, crosfhocail* • ábhar dílis a léamh ag leibhéal oiriúnach-*sceideal TG4, biachláir agus oidis chócaireachta* • Leabhair a scríobh sa rang agus é a léamh do na ranganna eile • Dánta simplí a scríobh agus a léamh • Dialann ranga a scríobh agus a léamh

Snáithe Scríbhneoireacht					
Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste					
Snáithaonad	**Rang a dó**	**Rang a trí**	**Rang a Ceathair**	**Rang a cúig**	**Rang a sé**
Ag Cothú Spéise	• taitneamh a bhaint as an scríbhneoireac • obair ar thaispeáint • bailiúchán den obair • aischothú dearfach a fháil ar obair phearsanta ón múinteoir	• taitneamh a bhaint as an scríbhneoireacht • obair ar taispeáint • bailiúchán den obair • aischothú dearfach ar obair phearsanta a fháil ón múinteoir • múinteoir a fheiceáil ag scríobh	• taitneamh a bhaint as an scríbhneoireacht • obair ar taispeáint • bailiúchán den obair • aischothú dearfach ar obair phearsanta a fháil ón múinteoir • múinteoir a fheiceáil ag scríobh	• taitneamh agus sásamh a bhaint as an scríbhneoireacht • obair ar taispeáint • bailiúchán d'iarrachtaí pearsanta • irisí scoile • aischothú dearfach a fháil ar obair phearsanta *ón múinteoir agus ó phaistí eile* • an múinteoir a fheiceáil ag scríobh • rogha a dhéanamh faoi ábhar na gceachtanna	• taitneamh agus sásamh a bhaint as an scríbhneoireacht • obair ar taispeáint • bailiúchán d'iarrachtaí pearsanta • leabhair beaga • aischothú dearfach a fháil ar obair phearsanta *ón múinteoir agus ó phaistí eile* • an múinteoir a fheiceáil ag scríobh

				scríbhneoireachta *'Céard ba mhaith libh a scríobh?'*	
Ag Úsáid Teanga	• an múinteoir a fheiceáil ag scríobh • lipéid a chóipeáil agus a scríobh • cluiche meatseáil • a (h)ainm féin a scríobh • lipéid a chur ar phictiúr • liosta focal a scríobh • abairtí a chóipeáil, a iomlánú agus a scríobh • nuacht shimplí a scríobh • pictiúr a tharraingt agus abairt a scríobh faoin bpictiúr	• scríobh do léitheoirí agus d'éisteoirí éagsúla, *múinteoir, páistí eile* • cabhair a lorg ón múinteoir • crosfhocal agus tóirfhocal a dhéanamh • abairtí simplí a scríobh • abairtí a chur san ord ceart chun scéal simplí a scríobh • focail a scríobh ó chuimhne • abairtí bunaithe ar an bpictiúir • scéalta simplí a chríochnú • dialann phearsanta a choimeád • cártaphoist a scríobh	• scríobh do léitheoirí agus d'éisteoirí éagsúla *múinteoir, páistí eile* • cabhair a lorg ón múinteoir • crosfhocal, tóirfhocal • cluichí focail a imirt • Abairtí a scríobh • Cuir abairtí san ord ceart • creatlacha réamhcheaptha a chóipeáil agus a iomlánú • focail a scríobh ó chuimhne • scríbhneoireacht • notái a scríobh • cartaí do ocaidí speisialta • scríobh abairtí faoin pictiúir	• scríobh do léitheoirí nó d'éisteoirí éagsúla • cabhair a lorg ón múinteoir • crosfhocail a dhéanamh • cluichí focail a imirt • abairtí a chur san ord ceart chun scéal a scríobh • litir simplí • ainm, seoladh agus siniú pearsanta • cartaí poist • teachtaireachtaí • cur síos ar phictiúr • creatlacha réamhcheaptha d'alt nó d'aiste ghearr a chóipeáil agus a iomlánú • tuairiscí, ailt, aistí	• scríobh do léitheoirí nó d'éisteoirí éagsúla • cabhair a lorg ón múinteoir • puzail agus crosfhocail a dhéanamh • cluichí focal a imirt • crosfhocail a chumadh • abairtí a chur san ord ceart chun scéal a scríobh • líon na bearnaí • cartaí phoist • comhrá beirte • cuireadh • obair ar an ríomhair e • gramadach • cur síos ar phictiúir agus an phostaer • ag úsáid na fiocail chun scéal a scríobh

		• athscríobh tar éis ceartú • nuacht a scríobh • a hainm a scríobh ar an gcóipleabhar • Líon na bearnaí • Liosta frasaí ar an mballa • tabhairt faoi litriú na Gaeilge go muiníneach.	• scéalta simplí a chríochnú • dialann a scríobh • an nuacht • cur síos a dhéanamh ar eachrtaí taitneamhacha • fograí agus postaer don scoil m.sh ag insint faoi seachtain na Gaeilge • biachlár • liosta siopadóireachta • litir • cuireadh agus freagra a scríobh • feabhas a chur ar a • tabhairt faoi litriú na Gaeilge go muiníneach.	gearra, scéalta simplí a scríobh agus a chríochnú • ord a chur ar scéal *ar dtús, ansin, tar éis tamaill, ar deireadh mar a dúirt mé ..., ar an lámh eile de ..., ach, agus …* • na comhábhair do phancóga ag an Inid • seanfhocail a scríobh agus a léiriú • scríobh go rialta agus ar feadh tréimhsí níos faide • pictiúir a chur in ord agus scéal a scríobh • poncaíocht a úsáid	• liosta focail • dialann • an nuacht • litir simplí • scéalta simplí a scríobh agus a chríochnú • ord a chur ar scéal *ar dtús, ansin, tar éis tamaill, ar deireadh* • leabhair simplí a scríobh • seanfhocail a scríobh agus a léiriú • scríobh go rialta agus ar feadh tréimhsí níos faide

Critéir Rathúlachta (lena ndéanfar an polasaí a mheas)

- Aiseolas ó mhúinteoirí faoin méid Gaeilge atá in úsáid sa rang/sa scoil
- Aiseolas ó na páistí faoina ndearcadh i leith na Gaeilge – *(taitneamhach? Suimiúil? Éasca?…)*
- Atmaisféar Gaelach sa scoil – tá sé seo á neartú againn trí imeachtaí éagsula a eagrú i rith na bliana.
- Torthaí trialacha, m.sh. i litriú
- Aiseolas ó thuismitheoirí

Ratification and Implementation.

This policy was ratified by the Board of Management on 30th January 2025 and was communicated to staff through the shared drive and Aladdin. This is available to the wider school community on the school website - www.muslimns.ie or by email request to mnsclonskeagh@gmail.com.

This Policy was approved by the Board of Management at its meeting on 30th January 2025

Signed: Rsiya Altwash **Date: 30/01/2025**
(Chairperson of the Board of Management)

Signed: John McDonnell **Date: 30/01/2025**
(School Principal)